# Gaelscoil Uí Fhiaich

**Bóthar Chill Droichid, Maigh Nuad, Co. Chill Dara** **Fón 01-6290667**

**oifig@gaelscoiluifhiaich.ie** **www.gaelscoiluifhiaich.ie**

A Thuismitheoirí/Caomhnóirí,

Go raibh maith agaibh siúd go léir a ghlac páirt sa Suirbhé Bunscoile le déanaí.

Rinne an Roinn Oideachais agus Óige an suirbhé seo chun fáil amach cén cineál scoileanna is fearr le tuismitheoirí/caomhnóirí.

Tá torthaí faighte ag gach scoil bunaithe ar thuairimí tuismitheoirí a bhfuil páistí acu sa scoil, nó a bhfuil sé beartaithe acu páiste a chlárú inti. Tá lamháil earráide san áireamh i ngach tuarascáil scoilshonrach, a léiríonn an méid a d’fhéadfadh an toradh a bheith níos airde nó níos ísle dá mbeadh suirbhé curtha isteach ag gach tuismitheoir/caomhnóir a bhfuil páiste acu sa scoil.

Léiríonn na torthaí roghanna na dtuismitheoirí/na gcaomhnóirí maidir le:

- Soláthar comhoideachais nó scoil aoninscneach
- Pátrúnacht/eiteas
- Teanga an teagaisc (Béarla nó Gaeilge)

Táimid anois ag roinnt torthaí shuirbhé ár scoile libh.

**Cad a tharlóidh anois**

Tá an Bord Bainistíochta ag déanamh athbhreithniú faoi láthair ar thorthaí an tsuirbhé agus ag machnamh ar a gciall dár scoil. Mar chuid den athbhreithniú seo, ba mhaith linn a chinntiú go mbeidh deis ag tuismitheoirí/caomhnóirí, baill foirne, daltaí agus an pobal scoile i gcoitinne a dtuairimí a roinnt linn.

**Tugann an Bord Bainistíochta cuireadh anois d'aiseolas agus do thuairimí ar thorthaí na scoile. Go háirithe, chuirfimis fáilte roimh bhur n-aiseolas maidir le ceist phátrúnacht/eiteas na scoile. Is féidir an t-aiseolas seo a sheoladh trí ríomhphost chuig suirbhephatruntachta@gaelscoiluifhiaich.ie.**

Nuair a bheidh an t-aiseolas go léir bailithe againn, déanfar é a mheas go cúramach agus cuirfimid na chéad chéimeanna eile in iúl sula ndéanfar aon chinneadh.

**Na chéad chéimeanna eile**

- Léigh, le bhur dtoil, na torthaí suirbhé atá ceangailte leis seo dár scoil, chomh maith leis an doiciméad treorach.
- **Aiseolas a thabhairt:** Is féidir aon tuairimí nó aiseolas a sheoladh chugainn ag **suirbhephatruntachta@gaelscoiluifhiaich.ie** faoi **28 Meán Fómhair** seo chugainn

Dear Parents /Guardians

Thank you to everyone who took part in the recent Primary School Survey.

The Department of Education and Youth carried out this survey to find out about the type of schools that parents/guardians prefer.

Each school has received results based on the views of parents with children in the school, or those who plan to enrol a child. Each school-specific report includes a margin of error, showing how much the result might be higher or lower, if all parents/guardians with children in the school submitted a survey.

The results outline the preferences of parents/guardians for:

- Co-educational or single-sex provision
- Patronage/ethos
- Language of instruction (English or Irish)

We are now sharing our school's survey results with you.

**What happens next**

The Board of Management are currently reviewing the survey results and considering what they mean for our school. As part of this review, we want to make sure that parents/guardians, staff, students, and the wider school community can share their views with us.

**The Board now invites comments and feedback on the school's results, in particular we would value your feedback on the question of the school's patronage/ ethos. This feedback can be sent by email to suirbhephatruntachta@gaelscoiluifhiaich.ie**

Once we have gathered all feedback, we will consider it carefully and communicate next steps before any decisions are made.

**Next steps**

- Please read the attached survey results for our school and guidance document.
- Provide feedback: You can send any comments or feedback to us at **suirbhephatruntachta@gaelscoiluifhiaich.ie** by **28 September** next.

Le gach dea-ghuí

Deaglan